

SGÉUL MHAC RIOBAIRD.

Fear abhí ann a bhí troid le nathair a gcomnuidhe go mbeadh sé ina chaptín soithigh agus ní raibh a athair sásta mar sér'd abhí san athair duine uasal. Bhí soitheac ansoin ag imteacht as Sasana a dhul go dtí na tíortha soir agus d'éaluigh sé innte. An tír ansoin a ndeachaidh an soitheach ann dfann sé ann, agus phós sé .

Casadh bean dó agus bhuail sé fhéin agus í fhéin comhar ar a chéile agus phós siad. Ní morán achair abhí siad pósta nuair a cailleadh a bhean. 'S an dlí abhí san áit a raibh siad má sé an fear nó an bhean a caillfí i dtosach cuirfí an bheirt in éindigh cuirfí duine acab marbh agus an ceann eile beó. Nuair abhí an bhean ansoin a dhul dá cur ní morán daoine a dul dá cur agus nuair abhí siad in aice leis an bpoll a raibh sí le caitheamh síos ann "diabhal" adeir duine de na fir leis seo mar a mór a feall de mhac a shamhail de fhear a chaitheamh síos.

"Thuga leat" adeir sé agus teigre an áit eicínt eile den tír nach mbeidh aon aithne ort agus nuair a gheobhfhais tú soitheach teighre sa rioghacht a raibh tú ann cheanna agus ná feictear san áit seo níos mú thú mar beidh an dlighe briste ainne." Bhuail sé leis agus bhí sé cur tuairisg nú go chuala sé go raibh soitheach a dhul go Sasana.

Chuaidh sé chomh fada leis an áit a raibh sí le corrughadh. Dubhairt an caiptín na raibh a dhiol fir aige fhéin fós agus má bhí sé na mháirnéalach go dtiubhrfhadh sé páigh dhó. Dubhairt sé go raibh nuair a fuair a caiptín a fhuireann bhuail siad leóthab le lucht dhe chuile short nidh a teacht go Sasana leis. Nuair abhí siad a dhul thar oileán shíl siad go raibh siad sáthach fada ó'n oileán agus bhí gala ann agus bhí muic ghainimh ann agus bhuail a soitheach. Bhí fhios acab nach raibh aon mhaith le déanamh acab leig siad anuas na báid.

Chuaidh ochtar i gceann acab agus deichniúr i gceann eile. An bád a raibh an deichniúr innte nuair a bhí siad suidhte isteach innte tháinig fága farrige agus buaileadh a béul fúithe agus báitheadh an deichniúr. Tháinig seisean agus an caiptín agus seisean eile i dtír agus chuir siad caoi orrthab fhéin chomh maith agus dfead siad. Nuair abhí píos den oidhche ann d'éirigh lasair i gcuid eicínt den oileán agus chuaidh an seisean chomh fada leis an lasair agus ní fhaca seisean ná an caiptín aon amharc orrthab ní ba mhú.

Bhí sé fhéin agus an caiptín an aonfheacht ar feadh dó nó trí de laethéantaí agus bhuail donacht an caiptín agus cailleadh é agus chuir seisean é. Dubhairt sé leis fhéin ansoin go ngabhfhadh a breathnú ar a solus mar dfeicfeadh sé chuile oidhche. Nuair abhí sé dhul a breathnú ar a solus tháinig fear mór míllteach. "Shílfheá go bhfuil an - fhonn siubhail ort" adeir sé "agus caithfidh tú marcuigheacht a thabhairt domsa." Sé nos ar shuidh an fear shuas ar a shlinneán agus b'éigean dó é iompar treasna míle trágha abhí ann agus nuair a tháinig sé ar ais ní raibh sé ach ar éigin i ndon siubhal.

Thug sé spás chúpla oidhche dhó fhéin aríst agus ansoin chuimhnigh sé ar a dhul a breathnú ar an solus aríst. Ar a bpointe is ar chuimhnigh sé air tháinig a buachaill seo agus agus chuaidh sé a marcuigheacht air. Chuaidh sé a marcuigheacht air ar feadh trí oidhche ar fad

agus an oidhche dheirneach ansoin ní raibh ann ach go raibh sé i ndon a anáil a tharraingt. D'éirigh sé ar maidin ansoin agus chonnaic sé soitheach "bféidir go bhfuil m'fhortún ann" adeir sé "bféidir gur soitheach a teacht ar an oileán í." Tharraing sí suas agus bhí an meitheal fear innte agus tháinig sí cur amach stuf.

Ní raibh fhios aige cérd abhí siad a chur amach aisti. Ní raibh morán achair a' bith go raibh teach déanta acab. Nuair abhí an teach déanta acab shiubhail deichniúr saighdiúir aníos agus duine uasal go ndeachaidh siad isteach sa teach agus eisean ag aireachas orrthab. Seóil an soitheach léithe aríst. Bhí a dial faithcíos ar san faithcíos a marbhuighe é. Ní raibh mórán dhen oidhche caithce nuair a las a solus agus nuair a las shiubhail an deichniúr saighdiúir aníos agus bhí siad a dhul de leim isteach sa solus go raibh an deichniúr dóighte.

Ansoin shiubhail seisean isteach sa gcúirt go dtí an duine uasal. Duine uasal óg abhí ann agus sganruigh sé "ná biodh faithcíos a bith ort" adeir Mac Riobaird. Duine tireamhail mise mé fhéin agus bathadh an soitheach a raibh me innte agus a raibh an aonfheacht liom. "Bhí deichniúr an aonfheacht liomsa a teacht" adeir sé. "Ní bheidh siad an aonfheacht leat níos mú" adeir Mac Riobars. "Tuige" adeir an fear. "Tá siad dóighte" adeir sé chuile dhuine tá teacht anseo" adeir sé tá siad dá ndógha. "Is mór an chuideachta thusa bheith an aonfheacht liom" adeir an fear "má fhanann tú an aonfheacht liom." "Fanfhadh adeir Mac Riodard "ach cén sórt bealach tá leat. "Mac Rí mé" adeir sé agus an oidhche ar rugadh mé dubharadh le m'athair nuair a bheinn bliain is fiche go marbhóchaidh Mac Riobaird mé. Tá mé fiche bliain anois agus cuireadh anseo mé, dá mbeadh an bhliain is fiche caithte agam ní bheadh baoghal orm." "Níl baoghal air sin thú mharbhughadh" adeir Mac Riobard "níl fhios aige cail tú." "Sin é an fadh ar cuireadh anseo mé" adeir sé. "Beidh mise an aonfheacht leat go dteagaidh an soitheach agus ansoin beidh mé dhul an aonfheacht leat go dtí cébrí cén tír a bhfuil tú ann. "Is mór an mhaith dhom do chuideachta a'm " adeir an fear.

Bhí sé g'ithe sa g'ól an aonfheacht leis agus ní droch bhiadh abhí acab. Nuair abhí an lá agus bliain istigh d'éirigh Mac Riobard "tá an soitheach ag teacht " adeir sé. "Tá an mheachan ar mo chroidhe-sa indiu" an fear "ach tabhair leat an bagún sin" adeir sé agus róst é go mbeidh a mbreicfeasta ithte ainn rúthab." Rinne. Thug sé leis a sgian agus chuaigh sé a gearradh na feola agus nuair abhí sé dhul á gearradh sgior sé agus an sgian ina láimh agus bhí sé sgiorradh go ndeachaidh an sgian isteach i gcroidhe Mhac a Rí. Bhí a chuid fola a teacht nuair a tháinig na fir as a soitheach agus ní raibh ag Mac Riobard ach a dhul i bhfolach.

Thug na fir síos sa soitheach mac a Rí agus ní raibh uair a chluig go raibh an teach tugthaí síos acab freisin. D'ímtigh an soitheach ansoin. Chuir seisean caoi ar theachín dó fhéin agus chaith sé seachtuain a cur caoi air. Bhí lá breagh ann ansoin agus dubhairt sé leis fhéin go dtiúbhrrfhadh sé a bhád agus go ngabhfhadh sé timpeall an oileáin feuchaint cé sórt áit abhí ann. Bhí sé ag imteacht leis agus bhí sé feiceál crumpáin agus bhí sé feiceáil an oileáin go farsing. Nuair a shíl sé fillleadh tháinig gala air agus tharrainh sé suas an bad agus bhí sé chomh tuirseach agus ní raibh sé i ndon corrughadh ó'n áit a raibh an bad. Nuair a deirigh sé ar maidin agus bhreathnuigh sé uaidh chonnaic sé tír bhreagh i bhfad uaidh ach bhí farrige idir é fhéin agus í. "Má theighim isteach sa mbád aríst" adeir sé le dhul ar ais an bealach a

dtáinig mé níl fhios a'm cérd deirigheóchaidh dom agus tá an tír sin ró fhada uaim le ma aghaidh a thabhairt uirthi."

Tharring sé suas an bád agus thosuigh sé a siubhal an bealach a dtáinig sé as agus bhí sé a breathnughadh ar bhallaí agus ar thighthe agus ar choill agus bhí sé a siubhal agus a sior imtheacht go raibh sé i na oidhche agus ní raibh sé san ait a dfág sé roimhe sin. Leigh sé thart an oidhche agus ar maidin thosuigh sé a siubhal aríst agus ní raibh sé feiceál rud a bith ach corr theach tuitgthe anuas agus ní raibh sé feiceáil eallach a bith ach girrffhideachaí agus gabhair. Tháinig sé go dtí an áit a raibh an teach aige agus chuaidh sé a chodladh agus é teastabháil uaidh. Chaith sé seachtuain ansoin agus ní raibh sé deanamh fáinuigheacht a bith. Lá ansoin a d'eirigh sé amach agus chonnaic sé currach a teacht agus triúr fir innte agus stócach. D'eirigh siad amach aisti agus bhí siad a dul a marbhughadh an stócach. Chait seisean na triúr fear agus shábháil sé an stócach. Bhí an stócach an aonfheacht leis ansoin agus ní raibh tuisgint a bith aige air ach a deanamh comhartaíleis. Faoi cheann bliana ansoin chonnaic sé currach a teacht agus triúr fear innte nuair a d'eirigh siad amach aiste bhí beirt acab a dhul a marbhughadh an fhir eile. Rinne an stócach comhartha leis go bé athair an fear agus chaith seisean an bheirt.

Nuair abhí siad adhul a cur na bhfir ansoin ní raibh sásamh a bith ag a stócach nuair na raibh sé dhul dhá nithe. "Ó a ghadhair" adeir Mac Riobard leis bhaist sé gadhar ansoin ar a stócach agus currach ar an athair. Chaith sé fhéin agus iad fhéin ansoin seacht mbliana fichead ann a marbhaghadh gabhair agus girrffhidheachaí agus ag déanamh éudaigh de craicne na ngabhair. Chonaic siad soitheach a teacht lá ansoin agus d'éaluigh seisean ó'n mbeirt agus chuaidh sé amach sa mbád i gcrumpán abhí ann d'ímtigh an méid abhí sa soitheach amach ar a talamh ach an caiptín. Sgannruigh an caiptín mar bhí guna aige san. Dubhairt sé leis an gcaiptín gan faitchios a bheith air. "Cé as tú" adeir an caiptín. "As Sasana" adeir sé. "Cén áit ann" adeir sé in aice le Cránn Aobh" adeir sé. Cén tainm abhí ar an mbaile ar as tú" "an Baile Glas" adeir sé. "Nach as naice leis an mBaile Glas mise" adeir an caiptín. Cén tainm a abhí ar tathair." "Riobard Mór" adeir sé. "Nach bhfuil aithne mhaith a'm sa ar tathair" adeir an caiptín agus nach bhfaca mé é shal ar fhága mé Sasana."

Bhí fiasóg an uair sin air go dtí na dhá ghlúin agus éudach dhe craiceann gabhair. Chuir an caiptín iallach air é fhéin a nigheachán agus chuir sé culaith éudaigh air. "Arnú tá tú teacht go Sasana" adeir sé. "Táim" adeir sé "ní mórán moille a bheas ort" adeir an caiptín ach chúig dhuine dhéug "transporters" atá an sin go ndéantar teach dhóib is go bhfágtar ar an oileán iad. Nuair abhí siad réidh ansoin sheól sé an aonfheacht leis an gcaiptín go dtáinig siad go Sasana. Bhí an tathair lag agus phós seisean agus bhí áit a athar aige. Bhí sé suas le leath chéud bliadhain an uair sin.